**M.48T**

**AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA**

**SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA, 2001**

# EACNAMAÍOCHT BHAILE (EOLAÍOCH AGUS SÓISIALTA)

# ARDLEIBHÉAL

**DÉ MÁIRT, 12 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 go dtí 4.45**

(400 marc)

Ní mór **cúig** cheist a fhreagairt.
Ní mór **dhá cheist** a roghnú as **gach** Roinn ar leith; an cheist eile ar rogha an iarrthóra.
Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.

Ní mór **<u>cúig</u>** cheist a fhreagairt.
Ní mór **<u>dhá cheist</u>** a roghnú as **<u>gach</u>** Roinn ar leith, an cheist eile ar rogha an iarrthóra.

## <u>ROINN I – EOLAÍOCH</u>

**1.** Tabhair cuntas ar an struchtúr ceimiceach a bhaineann le próitéin.
Aicmigh próitéin de réir struchtúir agus déan cur síos ar gach cineál próitéine a luaitear.
Maidir le próitéin, tabhair míniú beacht ar **(i)** a luach bitheolaíoch, **(ii)** dí-aimíniú agus **(iii)** dínádúrú.
Mínigh cén chaoi a gcuirtear na hairíonna seo a leanas i bhfeidhm agus bia á ullmhú **(a)** téachtacht agus **(b)** leaisteacht.

**2.** Measúnaigh luach torthaí mar tháirge bia.
Leag amach torthaí staidéir a rinne tú ar thorthaí (= bia) agus déan tagairt do:
**(i)** aicmiú agus samplaí de gach aicme;
**(ii)** na hathruithe a thagann ar thorthaí agus iad ag aibiú;
**(iii)** na héifeachtaí fisiciúla agus ceimiceacha a bhíonn ag cócaráil agus próiseáil ar thorthaí.
Tabhair treoracha iomlána don mhodh chun gateau (císte) torthaí **<u>nó</u>** rogha de hors d'oeuvres torthaí a ullmhú agus a riar.

**3.** Tabhair mionchuntas **(i)** ar shuíomh agus **(ii)** ar struchtúr ae an duine.
Bain úsáid as léaráidí lipéadaithe chun do fhreagra a léiriú.
Déan cur síos ar imshruthú na fola san ae.
Mínigh ról an ae maidir le **(a)** meitibileacht na gcothaitheach agus **(b)** aonstádas.

**4.** Mínigh na bunphrionsabail a bhaineann le **(i)** reo baile **(ii)** reothriomú.
Déan cur síos ar **<u>dhá</u>** mhodh reo tráchtála a mbaintear úsáid astu go coitianta.
Tabhair treoracha iomlána maidir le méid bheag anraith glasraí úra a ullmhú, a chócaráil, a phacáistiú agus a reo.
Mínigh na drochéifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh mura dtabharfaí aird cheart ar na cleachtais chuí agus **(a)** bia á phacáistiú don reoiteoir agus **(b)** bia á dhíshiocadh.

## ROINN 11 – SÓISIALTA

**5.** Tabhair cuntas ar na tosca **(i)** sóisialta agus **(ii)** pearsanta a chuireann le socracht an phósta.
Pléigh na héifeachtaí a bhíonn ag cliseadh pósta ar chéilí pósta agus ar pháistí.
Scríobh cuntas eolais ar **dhá** cheann díobh seo:
**(i)** an tAcht um an Dlí Teaghlaigh (agus Colscaradh) 1996;
**(ii)** an tAcht um Idirscaradh Breithiúnach 1989 leasaithe ag an Acht um an Dlí Teaghlaigh 1995;
**(iii)** an tSeirbhís Idirghabhála Teaghlaigh.

**6.** Tá mórán athruithe tagtha ar an gcóras oideachais le blianta beaga anuas.
Tabhair cuntas ar **gach ceann** díobh seo a leanas:
**(i)** roinnt príomhghnéithe den oideachas comhaimseartha;
**(ii)** éagsúlacht na roghanna oideachais atá ar fáil anois ag daltaí in iarbhunscoileanna na hÉireann.
**(iii)** na tosca a théann i bhfeidhm ar ghnóthachtáil oideachasúil.
Pléigh na cúiseanna atá leis an méadú ar líon na ndaoine fásta atá ag filleadh ar an oideachas agus tabhair cuntas gearr ar ghníomhaireacht **amháin** a thugann tacaíocht do dhaoine fásta agus iad ag filleadh ar an oideachas.

**7.** Pléigh roinnt nósmhaireachtaí nua-aimseartha i bhforbairt fearas beag agus úirlisí don chistin.
Ainmnigh **dhá** fhearas bheaga cistine, a mholfá do chistin teaghlaigh, ceann a bhfuil mótar ann agus ceann a bhfuil eilimint teasa ann.
Tabhair mionchuntas ar **gach** fearas ar leith díobh, agus déan tagairt do
**(i)** comhdhéanamh; **(ii)** gnéithe nua-aimseartha; **(iii)** prionsabal oibre agus **(iv)** costas.
Maidir le fearas **amháin** díobh, pléigh na buanna a bhaineann leis maidir le **(a)** a úsáidí atá sé agus **(b)** éifeachtúlacht fuinnimh.

**8.** Liostaigh na riachtanais fheidhmiúla a bhaineann le hurlárlach i seomra teaghlaigh.
Mol **dhá** shaghas éagsúla urlárlaigh a bheadh oiriúnach do sheomra teaghlaigh.
I gcás **gach ceann** díobh, tabhair mionchuntas air faoi na ceannteidil seo a leanas:
**(i)** comhshuíomh; **(ii)** airíonna; **(iii)** cúram agus glanadh; **(iv)** costas.
Maidir le cineál **amháin** oibreán glantachán urláir, luaigh **(a)** a chomhshuíomh agus **(b)** na prionsabail a bhfuil an gníomhú glanta bunaithe orthu.

**9.** Déan cur síos, le cúnamh léaráide lipéadaithe, ar chóras leictreach teaghlaigh. Bíodh tagairt agat don fheidhm atá le **(i)** an méadar, **(ii)** an lasc príomhlínte, **(iii)** an bosca fiúsanna/mionscoradáin chiorcaid; **(iv)** an ciorcad fáinneach.
Mínigh **gach** ceann díobh seo a leanas: **(a)** cileavatuair, **(b)** leictreachas ***nightsaver*** agus **(c)** sreang thalmhaithe.
Déan cur síos ar mharc sábháilteachta leictrí **amháin**.